# Cáca



Chuaigh Lára go dtí teach Ruairí. Rinne siad cáca. Ar dtús, d'fhéach siad sa leabhar cócaireachta agus fuair siad oideas.





Chuaigh Lára go dtí an siopa agus cheannaigh sí plúr, uibheacha, im agus bainne.

Fuair Ruairí babhla. Chuir sé an plúr bán, an bainne agus an t-im isteach ann. Bhris sé trí ubh isteach sa bhabhla ansin.





Fuair Lára spúnóg adhmaid agus mheasc sí gach rud. Ansin chuir sí an meascán i stán cáca agus chuir sí an stán cáca san oigheann.



Tar éis tamaill bhí an cáca bácáilte. Nuair a bhí an cáca fuar, ghearr Ruairí é agus chuir sé uachtar agus subh sa lár.

Chuir Ruairí an cáca i mbosca agus thug sé do Lára é. Nuair a bhí Lára ag dul abhaile léim madra suas uirthi. Thit an cáca ar an gcosán. D'ith an madra an cáca ar fad.



# Cleachtaí

### A. Fíor nó Bréagach?

1. Chuaigh Ruairí go dtí teach Lára. ____________
2. Rinne Ruairí agus Lára cáca. ____________
3. Chuaigh Ruairí go dtí an siopa. ____________
4. Bhris Ruairí trí ubh isteach sa bhabhla. ____________
5. Chuir Lára uachtar agus subh sa lár. ____________
6. D'ith Lára an cáca. ____________


### B. Freagair na ceisteanna.

1. Céard a rinne Ruairí agus Lára? ______________________________
______________________________________________
2. Cá bhfuair Ruairí agus Lára oideas? ______________________________
______________________________________________
3. Céard a bhris Ruairí isteach sa bhabhla? ______________________________
______________________________________________
4. Cé a chuir an stán cáca san oigheann? ______________________________
______________________________________________
5. Cé a chuir uachtar agus subh sa lár? ______________________________
______________________________________________
6. Céard a léim suas ar Lára? ______________________________
______________________________________________

### C. Scríobh an focal ceart faoi gach pictiúr.

| | | | |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |
| | | | |

### D. Faigh 4 fhocal ón scéal ar an spúnóg adhmaid.




1. ____________ 2. ____________ 3. ____________ 4. ____________